



An Bhruiséil, 4 Eanáir 2022
(OR. en)

5030/22

FRONT 3
COMIX 3

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Nollaig 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 829 final
---------------------------	---------------------

Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Samhail-chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624
--------	--

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 829 final.

Faoi iamh: COM(2021) 829 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.12.2021
COM(2021) 829 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Samhail-chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint
na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann
agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus
(AE) 2016/1624**

1. RÉAMHRÁ

Is eilimint thábhachtach den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip é an comhar gníomhach le tríú tíortha.¹ Ós rud é gur aisghairmeadh an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ó 2016², cumhachtaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (an ‘Ghníomhaireacht’), dá ngairtear Frontex go coitianta, foirne ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin a imscaradh i dtríú tíortha comharsanacha leis an Aontas Eorpach, faoi réir thabhairt i gcrích comhaontaithe stádais – comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír arna idirbheartú, arna shíniú agus arna thabhairt i gcrích faoi Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. In 2016, ghlac an Coimisiún samhail- chomhaontú stádais³ bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/1624, a bhí ina bhunús do na hidirbheartaíochtaí leis an Albáin, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an Macadóin Thuaidh, le Montainéagró agus leis an tSeirbia. I láthair na huaire, tá na comhaontuithe stádais leis an tSeirbia, leis an Albáin agus le Montainéagró tugtha i gcrích⁴ agus tá oibríochtaí comhpháirteacha seolta go rathúil sna trí thír uile. Síniódh comhaontuithe stádais leis an Macadóin Thuaidh agus leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ach níl siad tugtha i gcrích go fóill.

In 2019, leathnaíodh údarás Frontex sa bhreis le Rialachán (AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach⁵ (an ‘Rialachán’). Leathnaigh an Rialachán cúraimí na Gníomhaireachta chomh maith le líon na bpáirtithe leasmhara féideartha le haghaidh comhaontuithe stádais. Go háirithe, féadfaidh an Ghníomhaireacht baill foirne ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin a imscaradh anois in aon tríú tír fad agus go gcuireann an t- imscaradh le cur chun feidhme éifeachtach Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip, i bhfocail eile, níl imscaradh teoranta a thuilleadh do thríú tíortha atá i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh. Mar ab amhlaidh roimhe seo, ní mór

¹ Is é atá i gceist le bainistíocht chomhtháite teorainneacha san Eoraip, bunaithe ar an tsamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal, bearta a dhéantar i dtríú tíortha, amhail a dhéantar faoi chuimsiú an chomhbheartais víosaí, bearta a dhéantar le tríú tíortha comharsanachta, bearta um rialú ag teorainneacha a dhéantar ag na teorainneacha seachtracha, anailis riosca agus bearta a dhéantar laistigh de limistéar Schengen agus bearta um fhilleadh. Aithnítear sa Rialachán nua maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach gur eilimint thábhachtach de bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip é an comhar le tríú tíortha. (Aithris 87)

² Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle, *IO L 251, 16.9.2016, lgh. 1–76*.

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an samhail- chomhaontú stádais dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, 22.11.2016, COM(2016) 739 final.

⁴ Cinneadh (AE) 2020/865 ón gComhairle, Cinneadh (AE) 2018/1031 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2020/729 ón gComhairle, faoi seach.

⁵ Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, *IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131*.

comhaontú stádais a thabhairt i gcrích i gcás ina samhlaítear go n- imscarfaí baill foirne ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin i dtríú tír.⁶

Leagtar amach leis an Teachtaireacht reatha an samhail- chomhaontú stádais dá bhforáiltear in Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2019/1896. Is nuashonrú é ar an tsamhail a glacadh in 2016, a leabaíonn na nithe nua arna dtabhairt isteach ag Rialachán (AE) 2019/1896, go háirithe daingniú chosaint na gceart bunúsach agus na sonraí pearsanta, fad is a tharraingítear ar an taithí a fhaightear le hidirbheartaíocht na gcomhaontuithe stádais atá tugtha i gcrích cheana féin.

2. COMHAR LE TRÍÚ TÍORTHA FAOI CHUIMSIÚ AN RIALACHÁIN MAIDIR LEIS AN nGARDA TEORANN AGUS CÓSTA EORPACH

Sna conclúidí a rinne sé an 28 Meitheamh 2018, d'iarr an Chomhairle Eorpach ról tacaíochta na Gníomhaireachta maidir le rialú éifeachtach teorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú, i gcomhar le tríú tíortha san áireamh, go ndéanfaí neartú breise air trí bhíthin acmhainní méadaithe agus údarás feabhsaithe.⁷

Is príomhthoisce, chun cuspóirí bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a bhaint amach, é an comhar buan a leagtar amach go maith le tríú tíortha. Liostaítear sa Rialachán *‘comhar le tríú tíortha sna limistéir arna gcumhdach leis an Rialachán seo, ag díriú go háirithe ar thíortha comharsanachta tríú tír agus ar na tríú tíortha sin a sainaitníodh trí anailís riosca mar thíortha tionscnaimh nó idirthurais i dtaca le hinimirce neamhdhlíthiúil’* mar chuid de bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip.⁸ Ba cheart do chomhar den sórt sin fónamh chun an bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus na caighdeáin um fhilleadh a chur chun cinn, faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, agus, cur chun feidhme an fhille a éascú d’fhonn cur lena éifeachtúlacht agus tacú le tríú tíortha i réimse an bhainistithe teorainneacha agus imirce, lena n- áirítear tríd an mbuanchór a imscaradh nuair is gá an tacaíocht sin chun teorainneacha seachtracha a chosaint agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar bheartas imirce an Aontais.⁹

Iarrtar ar an nGníomhaireacht dul i gcomhar le tríú tíortha maidir le cúrsaí a chlúdaítear sa Rialachán, chun cúnaimh a thabhairt do thríú tíortha i gcomhthéacs an chomhair theicniúil agus oibríochtúil eatarthu i ndáil le cúrsaí áirithe, chun cúnaimh a thabhairt do thríú tíortha chun údarais bhainistithe teorainneacha a oiliúint, agus chun cúnaimh a thabhairt do thríú tíortha tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir.¹⁰ Ceadáíonn an Rialachán imscaradh ball de bhuanachór na Gníomhaireachta in oibríochtaí comhphárteacha, mear- idirghabhálacha teorann, idirghabhálacha um fhilleadh nó aon ghníomhaíocht ábhartha eile i dtríú tíortha (le

⁶ Airteagal 73(3).

⁷ <https://www.consilium.europa.eu/media/35936/28-euco-final-conclusions-en.pdf>

⁸ Airteagal 3(G)

⁹ Aithris 87

¹⁰ Airteagal 10

húdarú ón tríú tír lena mbaineann).¹¹ Ceadáíonn an Rialachán don Gníomhaireacht go sonrach comhoibriú le húdaráis an bhainistithe teorainneacha sna tríú tíortha¹² “*a mhéid atá ag teastáil chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.*”¹³

Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanann sé i gcomhar le húdaráis tríú tíortha agus faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ar chomhlíontacht na ngníomhaíochtaí seo le cearta bunúsacha.¹⁴ Tá an Gníomhaireacht faoi oibleagáid freisin measúnú ar a comhar le tríú tíortha a chur san áireamh sna tuarascálacha bliantúla, chomh maith lena comhaontuithe, socrúithe oibre, treoirthionscadail agus tionscadail um chúnamh teicniúil le tríú tíortha a phoibliú.¹⁵

Nuair is gá foirne bainistithe teorainneacha a fheidhmeoidh cumhachtaí feidhmiúcháin a imscaradh i dtríú tír mar gheall ar an gcomhar idir an Gníomhaireacht agus tríú tír, éilítear leis an Rialachán go mbeadh comhaontú stádais i bhfeidhm idir an tAontas agus an tríú tír sin.¹⁶ Tá baill de bhuanachór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh sna foirne bainistithe teorainneacha¹⁷ agus is féidir iad a imscaradh i mBallstáit, ag na teorainneacha seachtracha, agus ar chríocha tríú tíortha le linn oibríochtaí comhpháirteacha mear- idirghabhálacha teorann (dá dtagraítear le chéile sa samhail- chomhaontú stádais mar “gníomhaíochtaí oibríochtúla”).¹⁸ Is féidir le gach comhaontú stádais bheith ina scáth faoinar féidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla iomadúla a dhéanamh.

Go suntasach, i gcás ina molann an Coimisiún don Chomhairle údarú a thabhairt dó comhaontú stádais a chaibidliú le tríú tír, ba cheart dó staid na gceart bunúsach sa tríú tír atá ábhartha do na limistéir arna gcumhdach ag an gcomhaontú a mheasúnú agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas ina leith.¹⁹

Féadfaidh an Gníomhaireacht gníomhú laistigh de chreat comhaontú oibre arna thabhairt i gcrích le húdaráis ábhartha an tríú tír maidir le cúrsaí a bhaineann le bainistíocht comhar oibríochtúil.²⁰

¹¹ Airteagal 54

¹² “[na] húdaráis tríú tíortha atá inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo”

¹³ Airteagal 73(1)

¹⁴ Airteagal 73(7).

¹⁵ Airteagal 73(7- 8).

¹⁶ Airteagal 73(3)

¹⁷ Tá ceithre chatagóir d’fhoireann oibríochtúil sa bhuanachór: (i) foireann reachtúil na Gníomhaireachta; (ii) foireann ar iasacht ó na Ballstáit chuig an nGníomhaireacht le haghaidh achar fadtéarmach; (iii) foireann ó na Ballstáit atá réidh le bheith curtha ar fáil don Gníomhaireacht le haghaidh imscaradh gearrthéarmach; agus (iv) foireann ó na Ballstáit atá réidh le bheith imscartha chun críoch mear- idirghabhálacha teorann. (Rialachán Airteagal 54(1)). [NB: chun críocha an tsamhail- chomhaontaithe stádais, tugtar tuairisc ar an bhfoireann a thiteann faoin gcéad chatagóir mar ‘*Baill de na foirne ar foireann reachtúil de chuid na Gníomhaireachta iad*’ agus tugtar tuairisc ar an bhfoireann a thiteann faoi na trí chatagóir eile mar ‘*Baill de na foirne nach foireann reachtúil de chuid na Gníomhaireachta iad*’.]

¹⁸ Airteagal 2(18)

¹⁹ Aithris 88

²⁰ Airteagal 73(4)

Ní mór aon oibríocht de chuid na Gníomhaireachta ar chríoch tríú tír a chur san áireamh sa chlár oibre bliantúil a ghlacfaidh bord bainistíochta na Gníomhaireachta agus ní mór é a dhéanamh ar bhonn plean oibríochtúil a chomhaontófar idir an Gníomhaireacht agus údaráis ábhartha an tríú tír i gcomhairle leis na Ballstáit rannpháirteacha.²¹ I gcás ina bhfuil Ballstát nó Ballstáit i gcomharsanacht leis an tríú tír nó ag roinnt teorann le limistéar oibríochtúil an tríú tír, tá an plean oibríochtúil agus aon leasuithe air faoi réir chomhaontú an Bhallstáit sin nó na mBallstát sin.²²

Maidir le fillleadh, ceadaíonn an Rialachán don Gníomhaireacht (i) cúnadh a sholáthar ag gach céim den phróiseas um fhilleadh (gan staidéar a dhéanamh ar fhiúntas cinntí um fhilleadh, ar rud é a bheidh faoi fhreagracht iomlán na mBallstát i gcónaí); (ii) cúnadh a sholáthar maidir le comhar agus eagrú na n-oibríochtaí um fhilleadh; (iii) tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a sholáthar maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide na fillithe a fhilleadh; (iii) tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a sholáthar chun oibríochtaí agus idirghabhálacha a fhilleadh.²³ Ní dhéanann an Rialachán foráil maidir le haon fhoireann eile seachas foirne bainistithe teorainneacha atá le himscaradh go hoibríochtúil i dtríú tíortha²⁴ agus ní shamhlaítear leis feidhmiú cumhachtaí feidhmiúcháin i dtríú tír faoi chuimsiú fhilleadh bhaill an bhuanachóir. Ní bheadh an comhaontú stádais ina ionstraim iomchuí chun oibríochtaí um fhilleadh a eagrú dá bharr sin.²⁵

3. SAMHAIL- CHOMHAONTÚ STÁDAIS

Iarrann an Rialachán ar an gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, leis an nGníomhaireacht, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chearta Sonraí, samhail- chomhaontú stádais a tharraingt suas i leith gníomhaíochtaí arna ndéanamh ar chríoch tríú tíortha.²⁶ Ní mór go leagfaí amach sa samhail- chomhaontú stádais, go háirithe, raon feidhme gníomhaíocht oibríochtúil, forálacha maidir le dliteanas sibhialta agus coiriúil, cúraimí agus cumhachtaí na mball foirne, bearta a bhaineann le bunú oifige allamuigh agus bearta praiticiúla a bhaineann le hurraim do chearta bunúsacha.²⁷

Dá dheasca sin, áirítear leis an tsamhail seo na forálacha sonracha a leanas:

- Soláthraítear in Airteagal 1 raon feidhme an chomhaontaithe stádais, lena n-áirítear gach ábhar is gá le haghaidh imscaradh na bhfoirne bainistithe teorainneacha ag a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin ón mbuanachór chuig críoch an tríú tír ábhartha;

²¹ Airteagal 74(3)

²² Airteagal 74(3)

²³ Airteagal 10(1)(n)

²⁴ Airteagal 10(1)(u)

²⁵ Go háirithe, saináithnítear sa Rialachán “*idirchaidreamh a dhéanamh le tríú tíortha d’fhonn doiciméid taistil a shaináithint agus a fháil le haghaidh fillithe*” agus “*náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh éigeantach a thionlacan*” mar thascanna incheadaithe a éilíonn cumhachtaí feidhmiúcháin – ní dhéanfaí ceachtar acu seo, áfach, ar chríoch an tríú tír.

²⁶ Airteagal 76

²⁷ Airteagal 73(3)

- Liostaítear in Airteagal 2 sainmhínte ar na príomhthearmaí a úsáidtear sa tsamhail (ní mór a lua, cé go dtagraíonn na sainmhínte sa tsamhail do na forálacha ábhartha i reachtaíocht an Aontais, de réir cleachtas caighdeánach, beidh foclaíocht na bhforálacha seo sna comhaontuithe stádais seachas sna tagairtí leis);
- Tugtar tuairisc in Airteagal 3 ar an mbealach ar féidir gníomhaíocht oibríochtúil (i.e., oibríocht chomhpháirteach nó mear- idirghabháil teorann) a sheoladh (ní mór a lua nach rialaíonn comhaontú stádais ach oibleagáidí na bpáirtithe i dtaca lena chéile; níor cheart é a léirmhíniú go ndéantar difear leis dá n- oibleagáidí faoin reachtaíocht ábhartha, go háirithe an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach²⁸);
- Déantar foráil in Airteagal 4 gur cheart plean oibríochtúil a ghlacadh do gach gníomhaíocht oibríochtúil, ag tabhairt mionsonraí maidir le gnéithe eagraíochtúla agus nós imeachta de;
- Éilítear le hAirteagal 5 go mbeidh sásra i bhfeidhm ag páirtithe chun aon staid a bhaineann leis an inimirce neamhdhleathach, le coireacht trasteorann nó ina mbeadh baol do bheatha na n- inimirceach, ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh nó an tríú tír ábhartha, feadh na dteorainneacha sin nó gar dóibh, a thuairisciú;
- Le hAirteagal 6 ceadaítear don Gníomhaireacht oifigí allamuigh a bhunú sa tríú tír ábhartha, tar éis cead a fháil ón tríú tír;
- Tugtar tuairisc in Airteagal 7 ar ról an oifigigh chomhordúcháin;
- Le hAirteagal 8 áirithítear go lánurramaítear cearta bunúsacha i gcónaí i ndáil le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe stádais agus éilítear leis go mbeidh sásraí um ghearáin i bhfeidhm chun a cheadú líomhaintí de shárúithe ar chearta bunúsacha a thuairisciú agus a phróiseáil;
- Tugtar tuairisc in Airteagal 9 ar ról an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha;
- Leagtar amach in Airteagal 10 cúraimí agus cumhachtaí na mball foirne, lena n- áirítear nach féidir leo ach cúraimí a dtugtar tuairisc orthu sa phlean oibríochtúil a dhéanamh, chomh maith le cumhachtaí a dtugtar tuairisc orthu sa phlean oibríochtúil a fheidhmiú;
- Déantar foráil in Airteagal 11 maidir le dosháraitheacht mhaoin, chistí, shócmhainní agus oibríochtaí na Gníomhaireachta sa tríú tír ábhartha;
- Liostaítear in Airteagal 12 pribhléidí agus díolúintí na mball foirne, lena n- áirítear dliteanas sibhialta agus coiriúil;
- Déantar forálacha in Airteagal 13 do bhaill foirne a ghortaítear nó a éagann;
- Tugtar tuairisc in Airteagal 14 ar shonraí na ndoiciméad creidiúnaithe nach mór a eisiúint chuig gach ball den fhoireann;

²⁸ Rialachán (AE) 2019/1896

- Le hAirteagal 15 cuirtear airteagail 12 go 14 i bhfeidhm maidir le foireann fhoriomlán na Gníomhaireachta a imscartar sa tríú tír ábhartha;
- Liostaítear in Airteagal 16 na rialacha maidir le próiseáil agus cosaint sonraí pearsanta;
- Leagtar amach in Airteagal 17 na réamhriachtanais maidir le malartú faisnéis rúnaicmithe, agus faisnéis nach bhfuil rúnaicmithe ach atá íogair, idir an Gníomhaireacht agus an tríú tír ábhartha;
- In Airteagal 18 tá rialacha maidir le haistarraingt maoinithe ó ghníomhaíocht oibríochtúil, nó í a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh;
- Déantar foráil in Airteagal 19 don tríú tír ábhartha comhlachtaí ábhartha an Aontais a chur ar an eolas go honnghníomhach i gcás ina dtagann sé ar an eolas maidir le líomhaintí calaoise, éillithe nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an Aontais Eorpaigh;
- Tugtar tuairisc in Airteagal 20 ar na heintitis atá freagrach as an gcomhaontú stádais a chur chun feidhme;
- Le hAirteagal 21 rialaítear an bealach nach mór díospóidí a bhaineann le léirmhíniú an chomhaontaithe a réiteach;
- Tugtar tuairisc in Airteagal 22 ar an nós imeachta a bhaineann le teacht i bhfeidhm, tréimhse leasaithe, fionraí agus foirceannadh an chomhaontaithe.

4. CONCLUÍDÍ

Cuirfidh inniúlacht leathnaithe na Gníomhaireachta, chun gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanamh ar chríoch aon tríú tír ina gcuireann an t- imscaradh sin le cur chun feidhme éifeachtach Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip, go suntasach le feabhsú shlándáil teorainneacha na hEorpa. Bunaítear leis an samhail- chomhaontú stádais faoi iamh creat don chomhar idir an Gníomhaireacht agus a foirne ar lámh amháin agus na húdaráis ábhartha sna tríú tíortha ar an lámh eile. Cé go n- úsáidfidh an Coimisiún an tsamhail seo mar thúsphointe do gach idirbheartaíocht maidir le comhaontú stádais le tríú tír thar ceann an Aontais Eorpaigh, choigeartófaí téacsanna deiridh comhaontuithe den sórt sin i gcomhréir le sainchúinsí gach comhpháirtí idirbheartaíochta agus na cuspóirí éagsúla atá ag an Aontas i ndáil leis na comhpháirtithe sin. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall mar sin féin, chun croí an tsamhail- chomhaontaithe stádais a chosaint le linn idirbheartaíochtaí den sórt sin.